



Heipitíteas B

An t-eolas is gá a bheith ar eolas agat,
má dhéantar diagnóisiú heipitíteas B
ort.



Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
Health Service Executive



Céard is heipitíteas B ann?

Is víreas é Heipitíteas B, a théann i bhfeidhm ar an ae agus bíonn sé in ann fíor-dhrochthinneas a chur ort. D'fhéadfadh sé seachtaine go sé mhí a bheith i gceist ó tháinig an t-ionfhabhtú ort, go dtí go dtiocfaidh airíonna ort. Tugtar heipitíteas B géar ar an gcéim seo den tinneas.

Ní thagann airíonna ar bith ar dhaoine áirithe a bhfuil heipitíteas B géar orthu. Má thagann airíonna ort, d'fhéadfaidís seo a bheith ina measc: fiabhras, masmas, tuirse, bolg ata, pian, buíochán (craiceann agus súile buí), mún dorcha agus gríos.

Faigheann an chuid is mó daoine a bhfuil heipitíteas B géar orthu biseach iomlán, ach d'fhéadfadh suas le sé mhí nó níos faide a bheith i gceist. Ní bhíonn aon ionfhabhtú ar dhaoine a fhaigheann biseach ó heipitíteas B géar.

Ní mhothaíonn daoine áirithe go bhfuil siad tinn, ach bíonn siad in ann an víreas a iompar leo ina gcuid fola go fóill.

D'fhéadfadh drochthinneas teacht ar uimhir bheag daoine áirithe agus d'fhéadfadh teip ae, nó fadhbanna ae fadtéarmacha teacht orthu.

Céard is heipitíteas B ainsealach ann?

Ní chuireann daoine áirithe an víreas díobh riamh. D'fhéadfadh duine a bheith ionfhabhtaithe ar feadh a s(h)aoil agus heipitíteas B a scaipeadh go daoine eile. Tugtar heipitíteas B ainsealach air seo agus tugtar "iompróirí" ar na daoine a bhfuil sé orthu.

D'fhéadfadh duine a bheith sláintiúil ar feadh a s(h)aoil iomlán agus gan fianaise ar bith de dhíobháil ae le sonrú. Tagann galair ae níos tromchúisí ar dhaoine áirithe, amhail colmú ae (cirrhosis), teip ae nó ailse. Má tá heipitíteas B ort, d'fhéadfá na cineálacha eile de heipitíteas a thógáil, amhail heipitíteas A nó C.



An bhfuil cóireáil ann ar heipitíteas B?

Níl aon chóireáil ar leith ann ar heipitíteas B géar. Tá leigheasra ann a d'fhéadfadh an baol de ghalar ae tromchúiseach a laghdú. Ba cheart go gcuirfidh do dhochtúir tú ar aghaidh go dtí speisialtóir atá in ann tástáil a dhéanamh ort do ghalar ae agus a gheobhaidh amach an bhfuil aon leigheasra ann le cabhrú leat.

Conas is féidir liom aire a thabhairt do m'ae?

Tá sé tábhachtach go dtabharfá aire duit féin.

- Ná bí ag ól alcóil. D'fhéadfadh sé dochar a dhéanamh do d'ae.
- Más iompróir thú de heipitíteas B, ba cheart do do dhochtúir tú a chur ar aghaidh go dtí speisialtóir do thástáil galar ae agus le fáil amach má tá leigheasra ann a d'fhéadfadh cabhrú leat.
- Tabhair cuairt ar do dhochtúir go rialta.
- Déan seiceáil le do dhochtúir sula dtosaíonn tú ag úsáid leigheasra nua, leigheasra thar an gcuntar agus leigheasra luibhe.
- Bíodh tástáil déanta ort le haghaidh heipitíteas C agus fiosraigh más gá duit vacsaín a fháil i gcoinne heipitíteas A.
- Faigh vacsaín fliú bhliantúil.

Conas a thógtar heipitíteas B?

Scaiptear heipitíteas B trí theagmháil le fuil nó sreabháin choirp an duine atá ionfhabhtaithe. Is féidir heipitíteas B a thógáil má bhíonn tú:

- Ag bualadh craicinn le duine a bhfuil heipitíteas B air/uirthi.



- Ag roinnt snáthaidí nó trealamh eile nuair a bhíonn drugaí á n-úsáid.
- Ag úsáid snáthaidí neamhsteirilithe do pholladh coirp, tatúáil, snáthaidpholladh, leictrealú, bearradh gar nó má rinneadh instealladh ionat le snáthaid úsáidte.
- Ag roinnt rásúr, scuaba fiacla, éadaí nite, tuáillí nó deimheas ingne a d'fhéadfadh fuil nó sreabháin choirp eile a bheith orthu.
- Teach i dteagmháil le cneácha nó créachtaí fuilteacha atá ar dhuine ionfhabhtaithe.
- Más oibrí cúram sláinte tú, a bhíonn nochtadh d'fhuil nó do shreabháin choirp ionfhabhtaithe agus tú ag obair.
- I do chónaí le duine atá ina (h)iompróir heipitíteas B.
- I do leanbh ag iompróir heipitíteas B.

An bhfuil mé in ann heipitíteas B a scaipeadh go daoine eile?

Is féidir le daoine heipitíteas B a thógáil uait trí theagmháil le do chuid fola, seamhan nó sreabháin faighne. Is féidir é a scaipeadh trí ghreim fiacla daonna chomh maith. Bíonn an víreas in ann maireachtáil taobh amuigh den chorp ar feadh suas le seachtain amháin.

Ba cheart tástáil fola a dhéanamh ar do lucht teagmhála, amhail do pháirtí, do theaghlach nó aon duine atá ina c(h)ónaí leat, le féachaint an bhfuil heipitíteas B orthu.

An bhfuil an vacsaín do heipitíteas B, sábháilte?

Tá an vacsaín do heipitíteas B, sábháilte agus éifeachtach. Is féidir le do pháirtí, do theaghlach agus aon duine atá ina c(h)ónaí leat iad féin a chosaint le vacsaín.

Is gnách go dtugann do dhochtúir teaghlaigh an vacsaín i dtrí dháileog – ag an gcéad chuairt, mí níos déanaí agus sé mhí tar éis an chéad insteallta.

Tugtar na dáileoga níos tapúla, uaireanta.



D'fhéadfadh dáileoga sa bhreis den vacsaín a bheith ag teastáil ó dhaoine áirithe, sula mbeidh siad faoi chosaint. Tá uimhir bheag daoine ann nach mbíonn aon tionchar ag an vacsaín orthu agus ní bhíonn siad faoi chosaint mar gheall air sin.

Cén chaoi ar féidir liom daoine eile a chosaint ó ionfhabhtú heipitíteas B?

Seo an rud is gá a dhéanamh chun daoine eile a chosaint:

- Clúdaigh aon chneá nó créacht oscailte le greimlín nó bindealán.
- Nigh do lámha go hiomlán tar éis duit d'fhuil nó do shreabháin choirp a láimhseáil.
- Cuir ciarsúir nó nithe eile a bhfuil smál fola nó sreabháin choirp orthu, isteach i mála sula gcaitheann tú isteach sa bhosca brúscair iad.
- Glan suas i ndiaidh dhoirteadh do chuid fola. Ansin déan athghlanadh ar an áit le tuaslagán tuarthóra (cuid amháin de thuarthóir baile in aghaidh deich gcuid d'uisce).
- Ná bí ag roinnt scuaba fiacla, rásúir, snáthaidí do pholladh cluaise, líomháin ingne, deimhnis ingne, siosúir ingne, éadaí nite ná tuáillí.
- Má dhéanann tú drugaí a instealladh, éirigh as nó glac páirt i gclár athshlánaithe. Ná bí ag roinnt drugaí, snáthaidí, steallairí, cadás, uisce ná cupáin sruthlaithe.
- Ná bí ag deonadh fola, plasma, orgáin choirp, fíochán ná seamhan.
- Tá do pháirtí gnéis i mbaol heipitíteas B a thógáil uait. Abair le do pháirtithe gnéis go bhfuil heipitíteas B ort. Is gá dó/di dul ag an dochtúir le haghaidh tástáil fola, le féachaint an bhfuil sé/sí ionfhabhtaithe. Mura bhfuil, ba cheart vacsaíniú a dhéanamh air/uirthi. Tar éis dó/di na hinstealltaí a fháil, cinnteoidh tástáil fola go bhfuil sé/sí faoi chosaint. Bain úsáid as coiscíní go dtí go mbeidh cosaint ar do pháirtí.



- Bíonn daoine eile atá ina gcónaí i do theach faoi phriacal. Inis do gach duine atá ina gcónaí leat go mba cheart dóibh dul ag an dochtúir le haghaidh tástáil fola agus vacsaíniú.
- Abair le haon pháirtí gnéis nua nó duine nua ar bith atá ina gcónaí leat gur cheart dóibh dul le haghaidh tástáil agus vacsaíniú, amach anseo.
- Má tá leanbh nuabheirthe agat, is gá dó/di siúd an vacsaín a fháil go luath i ndiaidh na breithe.
- Má bhíonn duine nochta do do chuid fola, is féidir é/í a chosaint ar heipitíteas B, má chuirtear cóireáil air/uirthi go tapa. Ba cheart dó/di dul ag an dochtúir, nó ag an Seomra Éigeandála agus a rá go raibh teagmháil aige/aici le heipitíteas B. Tabharfar instealladh dó/di de ghlóbailin imdhíonta heipitíteas B agus tosódh sé/sí an cúrsa vacsaíne do heipitíteas B ansin.
- Inis do do dhochtúir teaghlaigh agus do d'fhiacloir go bhfuil heipitíteas B ort.

Ní cheart go mbeadh cosc ort maidir le cúram leanaí, scoil, obair, nó gníomhaíochtaí eile, mar go bhfuil heipitíteas B ort. Má tá comhairle uait faoi heipitíteas B agus do chuid oibre, cuirfidh do speisialtóir comhairle ort.

Cén chaoi ar féidir liom mo leanbh a chosaint ar heipitíteas B, i gcás go bhfuil mé ag iompar clainne?

Má éiríonn tú torrach, beidh do leanbh faoi phriacal heipitíteas B a thógáil uait i rith, nó go gearr i ndiaidh na breithe. Is féidir é seo a chosc.

- Ba cheart instealladh de ghlóbailin imdhíonta heipitíteas B a thabhairt do do leanbh, chomh maith leis an gcéad dáileog de vacsaín heipitíteas B, taobh istigh de 24 uair ón mbreith.
- Bí cinnte go gcríochnaíonn do leanbh an cúrsa vacsaíne do heipitíteas B, ag an am ceart. Cinnteofar go bhfuil sé/sí faoi chosaint, le tástáil fola 2-3 mhí ina dhiaidh sin.



Ní féidir heipitéas B a scaipeadh trí

- Sraothartach nó casacht
- Pógadh nó barróga
- Cothú cíche
- Bia ná uisce
- Soithí ná gloiní a roinnt
- Gnáth-theagmháil (mar a bhíonn ar siúl in áit oibre, mar shampla)

Cuimhnigh:

Abair le do lucht teagmhála vacsaín a fháil.

Bain úsáid as coiscín le linn comhriachtain, chun do pháirtí agus tú féin a chosaint.

Cuimhnigh:

Abair le do lucht teagmhála vacsaín a fháil.

Bain úsáid as coiscín le linn comhriachtain, chun do pháirtí agus tú féin a chosaint.

Conas is féidir liom a thuilleadh a fhoghlaim?

Is féidir eolas úsáideach a fháil faoi heipitíteas B ó na foinsí seo a leanas:

- Do dhochtúir teaghlaigh
- Roinn áitiúil um shláinte an phobail, de chuid FSS
- www.hpsc.ie

Is féidir bileoga eile a fháil faoi heipitíteas B, ar na suímh ghréasáin seo a leanas:

- www.hpsc.ie
- www.cdc.gov/ncidod/diseases
- www.who.int

Dáta: Meitheamh 2007

Dáta athbhreithnithe: Meitheamh 2010

Údair: An Coiste um Heipitíteas B agus C,
Sláinte an Phobail - Cosaint Sláinte,
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.



Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
Health Service Executive